Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12860/25

| | |
|---|---|
| COH 174 | ENV 842 |
| CLIMA 340 | ENER 441 |
| CADREFIN 192 | COMPET 877 |
| POLGEN 143 | AGRI 421 |
| PECHE 269 | JEUN 210 |
| POLMAR 55 | MI 657 |
| ECOFIN 1172 | RECH 388 |
| EMPL 405 | SOC 612 |
| SUSTDEV 67 | TRANS 384 |
| EDUC 358 | MIGR 293 |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12369/25 + COR 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 16 Meán Fómhair 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad, ag an 4116ú cruinniú a bhí aici an 16 Meán Fómhair 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an**

**Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI an cúigiú tuarascáil maidir le cur chun feidhme straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a thíolaic an Coimisiún an 13 Bealtaine 2025[1];

(2) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 maidir leis an gceathrú tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais(‘Straitéisí’) a chur chun feidhme ón 9 Nollaig 2022;

(3) AITHNÍONN SÍ an ról luachmhar atá ag na Straitéisí maidir le comhar, muinín, ullmhacht agus athléimneacht a fheabhsú, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán reatha geopholaitiúil agus comhshaoil. IARRANN SÍ ar na tíortha rannpháirteacha a gceannaireacht pholaitiúil agus a n-úinéireacht ar na Straitéisí a atreisiú;

(4) TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-athbhreithniú a tugadh chun críche le déanaí ar phlean gníomhaíochta na Straitéise don Réigiún Aidriadach agus Iónach chun a cuspóirí a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na ngéarchéimeanna a tharla le 10 mbliana anuas, go háirithe paindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur tugadh isteach an colún sóisialta nua agus méadú an Aontais mar ábhar cothrománach den phlean gníomhaíochta athbhreithnithe;

(5) AITHNÍONN SÍ gur gá, mar a léirigh an Coimisiún, na Straitéisí a chur in oiriúint i gcónaí do thimpeallacht atá ag athrú agus do riachtanais agus do dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn ina réimsí faoi seach, agus MOLANN SÍ go ndéanfaí pleananna gníomhaíochta na Straitéisí a choigeartú i gcás inarb iomchuí;

---

[1] 8906/25 + ADD 1.

(6) AONTAÍONN SÍ leis an ngá a sainaithníodh go gcuirfeadh na Straitéisí, i gcás inarb iomchuí, níos mó béime ar iomaíochas gheilleagar an Aontais agus ar an aistriú fuinnimh cóir, agus go gcuirfidís freisin béim ar athléimneacht agus ar shlándáil agus MOLANN SÍ don Choimisiún an próiseas sin a éascú. Ar an gcaoi chéanna, CUIREANN SÍ IN IÚL gur gá aird a thabhairt ar an aistriú déimeagrafach;

(7) AITHNÍONN SÍ torthaí na tuarascála agus ról na Straitéisí maidir leis an aistriú glas a chur chun cinn. MOLANN SÍ go mbainfí tuilleadh leasa as na Straitéisí chun rannchuidiú leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú cóir agus go ndéanfaí iarrachtaí breise chun iomaíochas an Aontais a choinneáil, agus dea-cháilíocht saoil á háirithiú ag an am céanna do mhuintir na hEorpa;

(8) AITHNÍONN SÍ ról na Straitéisí mar phríomhionstraimí don fhoghlaim fhrithpháirteach, don mhalartú eolais agus don chomhar institiúideach idir an tAontas, tíortha is iarrthóirí agus tríú tíortha. LEAGANN SÍ BÉIM AR an bhféidearthacht a chuirtear ar fáil leis na Straitéisí do thíortha is iarrthóirí oibriú ar comhchéim le Ballstáit an Aontais, agus ar an gcaoi sin, dlús a chur leis an bpróiseas chun reachtaíocht náisiúnta a thuiscint agus a oiriúnú do *acquis* an Aontais, acmhainneacht riaracháin a fhorbairt maidir le beartais éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear an beartas comhtháthaithe agus prionsabal na bainistíochta comhroinnte, agus tacú le próiseas an mhéadaithe;

(9) IS MÓR AICI na tionscnaimh a rinneadh le haghaidh comhar níos dlúithe idir na tíortha atá rannpháirteach sna Straitéisí agus an Úcráin, Poblacht na Moldóive agus tíortha na mBalcán Thiar, lena dtacaítear lena gconair i dtreo aontachas leis an Aontas. IS MÓR AICI ach go háirithe an tacaíocht a léiríodh don Úcráin ó mhí Feabhra 2022 agus do dhídeanaithe ón Úcráin agus na gníomhaíochtaí nithiúla a rinneadh i ndáil leis sin;

(10) AITHNÍONN SÍ rannchuidiú na Straitéisí chun riachtanais agus tosaíochtaí sonracha na réigiún rannpháirteach a chur in oiriúint, i gcomhréir le cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe, agus leis an gcur chuige áitbhunaithe, chomh maith le ról na Straitéisí chun an bhearna idir gníomhaíochtaí áitiúla agus réigiúnacha agus tosaíochtaí polaitiúla Eorpacha a dhúnadh;

(11) ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go gcuirfear feabhas leanúnach ar struchtúir tacaíochta rialachais agus ar acmhainneacht riaracháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta araon, agus a thábhachtaí atá sé go leanfadh an Coimisiún agus a sheirbhísí ábhartha de thacaíocht a thabhairt don rialachas agus don acmhainneacht riaracháin. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ann cheana, úsáid níos fearr a bhaint as na hinstitiúidí atá ann cheana agus an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, bunaithe ar na trí réamhriachtanais do na Straitéisí sin;

(12) MOLANN SÍ rannpháirtíocht chobhsaí agus rannpháirteachas iomlán na ngeallsealbhóirí i ngach grúpa atá ábhartha do chur chun feidhme na Straitéisí. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá cur chun feidhme na Straitéise chun sainorduithe soiléire, cumas cinnteoireachta éifeachtach agus fís shoiléir a bheith acu lena gcuirfear a gcuid oibre i gcomhthéacs beartais níos leithne i dtíortha rannpháirteacha na Straitéisí agus san Aontas;

(13) MOLANN SÍ gníomhaíochtaí nithiúla chun rannpháirteachas gníomhach eagraíochtaí na sochaí sibhialta, pobal áitiúil, na hóige, an lucht acadúil agus gnólachtaí a éascú i gcur chun feidhme na Straitéisí. TACAÍONN SÍ le hobair na struchtúr óige macrairéigiúnach;

(14) MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus do thíortha nach bhfuil san Aontas agus iad ag iarraidh páirt a ghlacadh i Straitéisí agus LEAGANN SÍ BÉIM AR thiomantas ardleibhéil an Choimisiúin, rud a chuireann go mór le treoir straitéiseach fhadtéarmach éifeachtach agus le hobair na Straitéisí a nascadh go héifeachtach le tosaíochtaí an Aontais;

(15) IS DÍOL SÁSIMH DI go bhfuiltear ag glacadh de réir a chéile leis na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil trí na Straitéisí a leabú i gcláir ábhartha an bheartais chomhtháthaithe agus i gcláir arna mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún araon, rud a fhágann gur féidir tosaíochtaí na Straitéisí a mhaoiniú agus a chur chun feidhme. AITHNÍONN SÍ rannchuidiú speisialta chláir Interreg sa phróiseas leabaithe; IARRANN SÍ ar na Straitéisí iad féin, ar na húdaráis bhainistíochta agus ar an gCoimisiún leanúint den phróiseas leabaithe sin a éascú ar feadh na tréimhse cistiúcháin ar fad;

(16) AITHNÍONN SÍ an obair leanúnach atá á déanamh chun córais éifeachtacha faireacháin agus meastóireachta a bhunú do na Straitéisí, lena n-áirítear trí phleananna gníomhaíochta a thabhairt cothrom le dáta, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá á déanamh ag struchtúir agus aonaid tacaíochta teicniúla na Straitéisí ábhartha chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na Straitéisí. IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin tionscnaimh ar nós an tionscnaimh faoin gclár Interreg Interact arb é is aidhm dó tacú leis an obair sin;

(17) IS MÓR AICI na gníomhaíochtaí cumarsáide treisithe ar leibhéal Straitéis-shonrach agus in imeachtaí coiteanna araon. LEAGANN SÍ BÉIM ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé leanúint de chumarsáid straitéiseach a chur chun feidhme agus eolas an phobail ar na cláir phríomhshrutha agus ar na straitéisí príomhshrutha agus infheictheacht a dtionchar agus a dtorthaí a mhéadú a thuilleadh;

(18) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a leagtar amach sna Conclúidí seo sa chéad tuarascáil eile maidir le straitéisí cur chun feidhme faoi dheireadh na bliana 2027.